

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2011

## CLÁR

<b>RÁITEAS FÍSE</b>	<b>2</b>
<b>MAOINIÚ, COISTÍ &amp; FOIREANN</b>	<b>3</b>
<b>FOCAL ÓN GCAATHAOIRLEACH</b>	<b>4</b>
<b>BUAICPHPOINTÍ GHAILLIMH LE GAEILGE, 2011</b>	<b>5</b>
<b>STÁDAS DÁTHEANGACH DO CHATHAIR NA GAILLIMHE. NORMALÚ NA GAEILGE I GCAATHAIR NA GAILLIMHE</b>	
(1) TAIGHDE	7
(2) GRADAM SHEOSAIMH UÍ ÓGARTAIGH	8
(3) GAEILGE SA GHNÓ	10
(4) GAEILGE À LA CARTE	12
(5) CAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE	13
(6) AG COTHÚ LÍONRA SÓISIALTA GAEILGE	14
(7) TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE	17
(8) PIOC SUAS MÉ - GIVE IRISH A GO!	18
(9) FOILSEACHÁIN	19
(10) PÁIRTÍOCHT	20
(11) CRUINNITHE/CUR I LÁTHAIR/ SEIMINEÁR/TRAENÁIL	20
(12) POIBLÍOCHT	21
<b>DLÚTHCHAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE, 2011</b>	<b>24</b>

Tá ár bhfís do Ghaillimh le Gaeilge fite fuaite lenár bhfís don Ghaeilge i gCathair na Gaillimhe. Feicimid go mbraitheann siad araon ar a chéile – nach féidir teacht ar cheann acu gan an ceann eile agus nach féidir ceann a bhaint amach gan an ceann eile a bhaint amach.

## SEO Í ÁR BHFÍS:

Tá léirmhiniú comhaontaithe maidir leis an dátheangachas ag Gaillimh le Gaeilge agus ag geallsealbhóiri lárnacha i nGaillimh. Oibríonn Gaillimh le Gaeilge leis na geallsealbhóiri sin, chun forbairt leanúnach Chathair na Gaillimhe ina cathair dhátheangach a leagan amach. Cuireann stádas dátheangach oifigiúil na Gaillimhe le mórtas cine agus le féiniúlacht mhuintir na Gaillimhe. Cuireann sé le híomhá na Gaillimhe agus le féinmheas mhuintir na Gaillimhe. Tá sochair shóisialta agus sochair ábhartha ag baint le stádas dátheangach na Gaillimhe.

## SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA

Tá trí sprioc straitéiseacha lárnacha leagtha síos ag Gaillimh le Gaeilge.

Is spriocanna iad sin a bhraitheann ar a chéile agus is féidir iad a chatagóiriú mar seo a leanas.

1. Stádas Dátheangach
2. An Ghaeilge a normalú
3. Úinéireacht



## MAOINIÚ

Tá Gaillimh le Gaeilge á maoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta tríd an Roinn Ealaón, Oidhreachta agus Gaeltachta, ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus tríd an Scéim Cairde i gcomhar le Cumann Tráchtála na Gaillimhe. Tá sí cláraithe ina cuideachta theoranta, le stádas carthanachta agus dá bhrí sin ina cuideachta nach do bhrabús í.

# NA COISTÍ AGUS AN FHOIREANN

Tá triúr fostaithe go lánaílseartha ag Gaillimh le Gaeilge agus is é an Bord, le haon Stiúrthóir déag, a leagann an polasaí amach. Déanann Coiste Stiúrtha Gaillimh le Gaeilge a stiúradh, le hionadaithe ó na hEarnálacha Poiblí agus Príobháideacha, agus eagrais phobail agus comhlachtaí príobháideacha.

## AN COISTE STIÚRTHA

An Dr Iognáid Ó Muircheartaigh <i>[Cathaoirleach]</i>	Uachtaráin/President Emeritus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
Andrew D'Arcy	Iar-Cheann Forbartha, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe / Maigh Eo
Seán Stewart	Stewart
Bernadette Mullarkey	Bane Mullarkey
Joe Greaney	Stiúrthóir, WESTBIC
Máire Mhic Aodha	Leas-Bhainisteoir, Banc na hÉireann
Pádraic Ó Ráighne	Feidhmeannach Margáiochta TG4
Tomás Breathnach	Timire Gaeilge Choistí Gairmoideachais Chontae agus Chathair an Gaillimhe
Caitlín Nic an Ultaigh	Ceannasaí Bainistíochta, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
Uinseann Mac Thómais	Pleanálaí Teanga
Pádraig Ó Beaglaoich	Iar-Phríomhoifigeach sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

## AN COISTE LOGAINMNEACHA

Christy Kelly	Iar-Phríomhtheicneoir, Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Séamas Ó Gráda ( <i>LeasChathaoirleach</i> )	Iar-Fhostaí, An Post
An Comhairleoir John Mulholland	Iar-Chomhairleoir, Comhairle Cathrach na Gaillimhe
An Comhairleoir Tom Costello	Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Peadar O'Dowd	Staráí
An Dr Nollaig Ó Muraille	Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
Breannán Ó Súilleabáin	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Jim Higgins	Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Éadaoin Ní Mhocóir	Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Séamas Mac Coitir	Gleann na Coille
Bríd Ní Chonghóile	Gaillimh le Gaeilge

## AN FHOIREANN

Ardfheidhmeannach	Bríd Ní Chonghóile
Bainisteoir Tográí	Gearóidín Ní Ghioballán
Riarthóir Oifige	Micheál Ó Ceallaigh

# FOCAL ÓN gCATHAOIRLEACH

**IOGNÁID G. Ó MUIRCHEARTAIGH, MA PhD DSc LLD**

*Uachtarán/President Emeritus*

*Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.*

Bhí bliain rathúil eile ag Gaillimh le Gaeilge do 2011 agus muid ag treorú mhuintir na Gaillimhe i dtreo úsáid na Gaeilge ina saol laethúil chun gur gné uathúil í d'iomhá agus d'fhéiniúlacht chultúrtha na Gaillimhe.

I rith na bliana, rinne Gaillimh le Gaeilge an comhlacht taighde neamhspleách, Edgecast Media Ltd., a choimisiúnú chun 'Sonrú a dhéanamh ar staid na Gaeilge i gcathair na Gaillimhe'. Rinneadh an taighde seo chun tacú le cás na Gaillimhe stádas dátheangach oifigiúil a bhaint amach di féin. Tá a staidéar reatha seo mar chéim bhereise sa phróiseas leanúnach sin agus d'fhéadfadh sé a bheith mar eiseamláir chomh maith do chathracha eile mórrhimpeall na tire chun stádas dátheangach a bhaint amach dóibh féin.

Rinne muid forbairt ar Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh chun deis a thabhairt do níos mó gnólachtaí páirt a ghlacadh sa Ghradam agus chun úsáid na Gaeilge a mhéadú sa chathair. D'aimsigh muid urraí nua, D'Arcy Marketing & PR agus Fáilte Ireland, chun tacú leis na forbairtí nua agus choimeád muid urraí reatha an Ghradair, an Galway Advertiser, Galway Bay FM, Snap Galway, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ar bord arís do 2011. Ina theannta sin, d'fhógair Údarás na Gaeltachta go raibh siad chun tacú leis an nGradam ar feadh dhá bhliain bhereise.

Ghlac 19 gnólacht páirt i nGradam Sheosaimh Uí Ógartaigh. Eagraíodh tráthnóna eolais ar an nGradam den chéad uair, i bpáirt le buaiteoir Ghradam Uí Ógartaigh na bliana anuraidh, Báucus Uí Ghriofa. Mar chuid den cheiliúradh ar Sheachtain na Gaeilge, d'fhógair Méara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Michael Crowe, Gearriosta Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh in ionad na Faiche Móire, An Fhaiche Mhór, Gaillimh.

Seoladh áiseanna nua ar shuíomh ghréasáin nua Ghaillimh le Gaeilge agus tá foirm 'Cairde' ar líneanois chun do shíntiús a ioc tríd PayPal. Is féidir cur isteach ar Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh ar líne don chéad uair chomh maith agus tá liosta de Chairde Ghaillimh le Gaeilge agus a gcuid sonraí teagmhála ar fáil chun tuilleadh gnó a chothú agus úsáid na Gaeilge a spreagadh i measc na 'Cairde'.

Mar atá lúaité, foilseofar an taighde neamhspleách dár teideal 'Staid teangeolaíoch chomhaimseartha na Gaeilge i gcathair na Gaillimhe' i 2012. Eascróidh deiseanna agus dúshláin ón taighde seo agus táimid tiomanta chun dul i gneáleach leo. Chuige sin, tá plean oibre ullmhaithe againn do 2012 agus braitheann cur i bhfeidhm éifeachtach an phlean ar a ndóthain áiseanna, go háirithe foireann agus maoiniú a bheith ar fáil.

Ba mhaith le Gaillimh le Gaeilge buiochas a ghabháil leis an gCrannchur Náisiúnta as ucht a gcuid tacaíochta do Ghaillimh le Gaeilge do 2011 tríd an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi Scéimeanna Tacaíochta Gaeilge. Ba mhaith le linn buiochas a ghabháil chomh maith le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Cumann Tráchtála na Gaillimhe tríd na scéime, Cairde Ghaillimh le Gaeilge. Tá buiochas ar leith ag dul do na daoine a thugann a gcuid ama go deonach do Ghaillimh le Gaeilge agus do bhaill an Choiste Stiúrtha.


Gura fada buan sinn,



Dr Iggy Ó Muircheartaigh



# **BUAICPHPOINTÍ GHAILLIMH LE GAEILGE, 2011**



## STÁDAS DÁTHEANGACH A BHAINT AMACH DO CHATHAIR NA GAILLIMHE. NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA

Tá sé mar aidhm ag Gaillimh le Gaeilge go dtarlóidh sé go mbeidh an Ghaeilge le cloisteáil, le feiceáil agus á húsáid i gCathair na Gaillimhe mar ghnáthchuid de shaol na Cathrach. Tá sé i gceist againn atmaisfear den normalú teanga a bhunú don Ghaeilge de réir a chéile agus go nglacfar leis an nGaeilge agus go mbeidh súil leis an nGaeilge i saol bríomhar na Cathrach.

Síneann normalú isteach i ngach cuid den Chathair agus bíonn tionchar aige ar gach gné de shaol na Cathrach – ó bheith ag ceannach builín go teach a cheannach. Is éard a bheidh i gceist leis ná an Ghaeilge a úsáid trí shreanga uile an tsaoil, ó leibhéal an ghnó go leibhéal an phobail agus ón leibhéal poiblí go dtí an leibhéal príobháideach.

Ní hé go bhfuil sé i gceist go mbeadh an Ghaeilge éigeantach, ach go nglacfaí leis an nGaeilge mar ghnáthchuid de shaol na Gaillimhe nuair a fheicfear í, nuair a chloisfear í agus nuair a labhrófar í. Is laistigh de thimpeallacht normalaithe teanga a shamhláionn Gaillimh le Gaeilge cothú agus fás sláintíúil na Gaeilge.

Tá tográí áirithe idir lámha ag Gaillimh le Gaeilge chun an sprioc thuas a bhaint amach, ina measc tá:

- 1 GRADAM SHEOSAIMH UÍ ÓGARTAIGH**
- 2 AN GHAEILGE SA GHNÓ**
- 3 GAEILGE À LA CARTE**
- 4 SCÉIM CHAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE**
- 5 NA MEÁIN CHUMARSÁIDE**

## **TAIGHDE: STAIDÉAR CHUN SONRÚ A DHÉANAMH AR STAID NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE**

In 2011, rinne Gaillimh le Gaeilge an comhlacht taighde neamhspleách, Edgecast Media Ltd., a choimisiúnú chun sonrú a dhéanamh ar staid na Gaeilge i gCathair na Gaillimhe agus chun a léargas a fháil ar thábhacht na Gaeilge do gheilleagar, do shaol cultúrtha agus do shaol sóisialta na Cathrach. Rinneadh an staidéar seo chun tacú le cás na Gaillimhe stádas dátheangach oifigiúil a bhaint amach di féin.

Mar chuid den staidéar iomlán, rinneadh suirbhé ar ghnáthphobal na cathrach chun staid reatha na Gaeilge sa chathair a shonrú.

Is é príomhchuspóir an taighde seo ná eolas a chur ar fáil a bheidh mar threoir do Ghaillimh le Gaeilge agus do pháirtithe leasmhara ábhartha eile sa Chathair agus iad ag leagan amach straitéis chun feidhm a thabhairt dá bhfis de Ghaillimh mar chathair dhátheangach. Beidh an taighde le fáil ar líne i lár mhí Eanáir, 2012.



## New online survey to help determine the status of Irish language in city

BY BERNIE MELATHANTA

GALWAY people are being urged to take part in an online survey which will help to establish the role of the Irish language in the city.

Gaeilge, the organisation responsible for the promotion of the Irish language in the city, has commissioned an independent research company to undertake the study.

Eirid, Ní Chonghála, Ard Fheidhmeannach of Gaillimh le Gaeltacht, said that part of the overall study would determine not only the current status of the Irish language in the city, but also help support Galway's case for an Official Bilingual Status for the site.

stands for the city.  
Gaining bilingual status is an important objective for Galway and will be of continuing economic benefit to the city and to the West in general. It will also reinforce the position of the Irish language in the city. The current study could also be used as a model for other cities around Ireland to assist them in gaining bilingual status for

"Gaeilge le Gaeltachta have taken important steps in association with other groups in Galway City towards Bilingual Status and we hope to build on this through additional co-operation with the Department of the Arts, Heritage and the Gaeltacht, Galway City Council, Galway Chamber and other groups in the City," she said.

Ms NI Chungheui said that though this particular survey was a first for them, it wasn't the first time they sought public opinion.

"We already asked Galway people if they thought bilingualism was important to Galway and it was a resounding yes and then we asked the public to help us determine just how much the Irish language was worth in the city - we believe it is something in the region of €136 million annual.

"We are appealing to anyone, whether they are at busi-  
ness, work in the city or live in  
the city - to click on the link on  
our website to help us reach our  
target."

your interests and complete the

Briod Ni Chomphóile, Gallois  
le Caerlŷr: maintaining Gal-  
way's unique character

survey. It should take no longer than 10 minutes but will be invaluable to Gallish in Galway. The information given to us will be treated in strict confidence," she added.

Their work in Galway city concentrates largely on increasing the visibility of the written language in the city and they have achieved this through the provision of translation services and general supports. It enables the Galway community to develop bilingual signage, bilingual menus, bilingual websites, letterheads, business cards, etc.

The visibility of the language is their central focus – mainly due to the high level of impact in creating a bilingual environment, and the practicality of achieving this goal on limited

resources. They also work to promote the use of the spoken language through their various business events including the monthly Léon-Gros and other

"In this current economic climate, the use of the Irish language is now more relevant and more valuable than ever before to maintain Galway's unique character, individuality and appeal to visitors, investors and tourists alike. We want a snapshot of the city and its relationship to the Irish language," she added.

## STÁDAS DÁTHEANGACH A BHANT AMACH DO CHATHAIR NA GAILLIMHE. NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA

### GRADAM SHEOSAIMH UÍ ÓGARTAIGH, 2011

Eagraíonn Gaillimh le Gaeilge Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh i gcomhar leis an Galway Advertiser agus le tacaíocht Chumann Tráchtála na Gaillimhe. Ainmníodh an Gradam in onóir an Uasail Seosamh Ó hÓgartaigh, nach maireann ball bunaithe agus rúnaí cuideachta Ghaillimh le Gaeilge. Is í aidhm an Ghradair ná aitheantas a thabhairt do chomhlachtaí agus d'eagraíochtaí i gCathair na Gaillimhe a thaispeánann an Ghaeilge in úsáid ar bhealach 'dáiríre,' 'cruthaitheach' agus 'feiceálach' ina ngnó/eagraíocht agus a léiríonn an tionchar atá aige seo ar an bhfoireann agus ar iomhá dhátheangach na cathrach. Tá 'buntáistí agus duaiseanna' iontacha ag dul leis an nGradam mar aon le poiblíocht fhorleathan agus ardmholadh do do ghnó/do d'eagraíocht sna meáin chumarsáide Ghaeilge agus Bhéarla. Faigheann na buaiteoirí píosa dealbhóireachta uathúil chomh maith atá deartha go speisialta ag an ealaíontóir cáiliúil Pádraic Reaney.

In 2011, ghlac 19 ngnólacht páirt i nGradam Sheosaimh Uí Ógartaigh.

### Grúpa Focais

D'eagraigh Gaillimh le Gaeilge Grúpa Focais ar an 23 Meitheamh 2011 chun dul i mbun próiseas anailíse agus pleánala chun forbairt a dhéanamh ar Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh. Mar chuid den phróiseas rinneadh plé ar an nGradam chun ionchur a fháil ar réimse leathan ceisteanna a bhaineann le forbairt Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh.

### Tráthnóna Eolais ar an nGradam

D'eagraigh Gaillimh le Gaeilge, i bpáirt le buaiteoir Ghradam Uí Ógartaigh na bliana anuaidh, Bácús Uí Ghriofa, Tráthnóna Eolais faoin Ardghradam seo ar an Déardaoin 27 Eanáir 2011 i mBácús Uí Ghriofa, Sráid na Siopai. Chas Gnólachtaí mórrhimpeall na Cathrach le hiarbhuaitoир an Ghradair chun fáil amach conas a d'éirigh leo an Gradam a bhaint amach. Rinne moltóirí an Ghradair cur síos ar an bpróiseas moltóireachta agus bhí foireann Ghaillimh le Gaeilge ar fáil le haon cheisteanna a fhreagairt agus le cabhair a thabhairt san ullmhú don Ghradam.

### Preasócaid ag fógaírt an Ghearriosta

Mar chuid den cheiliúradh ar Sheachtain na Gaeilge, d'fhógair Méara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Michael Crowe, Gearriosta Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh 2011, Dé Céadaoin, 16 Márta 2011 in Ionad na Faiche Móire, An Fhaiche Mhór, Gaillimh.



Treasra Uí Lorcáin, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, OÉ, Gaillimh [urra nua an Ghradair]; Jimmy Griffin, Bácuí Uí Ghriofa/Griffin's Bakery; agus Aoife Nic Fhearghusa, Galway People's Resource Centre i láthair ag tráthnóna eolais Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh a bhí ar siúl Déardaoin 27 Eanáir i mBácuí Uí Ghriofa, Sráid na Siopai, Gaillimh.



An Ghearriosta: Fergus McGinn, Monroe's Tavern; Rachael Stewart ag déanamh ionadáiocht thar ceann Seán Ó Flaithearta, Ollmhargadh na Seoige; Charlie Brehony, Scoil Tumadóireachta na Gaillimhe; Pauline O'Dwyer, EmployAbility Services; Ken Walsh, Food For Thought; Paul Hardiman, An Seomra Yoga [buaiteoir Ghradam Speisialta na Moltóiri]; agus David Keane, Óstán Menlo Park Chun tosaigh, tá Carmel Brennan, Uachtaráin Chumann Tráchtála na Gaillimhe; Méara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Michael Crowe; agus Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge, lagnáid Ó Muircheartaigh.



An Teachta Dála Brian Walsh; Séamus Ó hAodha, Taibhdhearc na Gaillimhe; an Comhairleoir Pádraig Conneely; agus Iar-Theachta Dála Ghaillimh Thiar, Pádraig Mc Cormack, ag ócайд bhronnta Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh in Óstán Glenlo Abbey.



## Bronnadh an Ghradaim, 2011

D'fhogair Aire Stáit ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Donnchadh Mac Phionnlaoich T.D., Óstán an Menlo Park, Tír Oileáin mar bhuaiteoirí iomlána Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh 2011 ag searmanas speisialta in Óstán Glenlo Abbey, Páirc na Sceach, ar an Déardaoin 7 Aibreán 2011. D'fhreastail os cionn 100 duine ar an ócáid. Bronnadh pacáiste gnó ar luach €15,000 ar an mbuaiteoir mar aon le dealbh álann, deartha go speisialta don Ghradam ag Pádraic Reaney agus a léiríonn 14 Threabh na Gaillimhe, le treibh amháin bhrefise chun buaiteoir an Ghradair a chur in iúl – Treabh nua na Gaillimhe.

Fógraíodh 'Scoil Tumadóireachta na Gaillimhe', Bóthar na Trá mar bhuaiteoirí ar an gCatagór le fiche fostai nó níos lú. Bronnadh cúrsa seachtaine do bheirt ag foghlaim na Gaeilge le líostín san áireamh orthu urraithe ag Acadamh na hOllscolaíochta, OÉ, Gaillimh mar aon le macasamhail den Ghradam, urraithe ag Údarás na Gaeltachta.

## Bronnadh Speisialta na Moltóiri

Rinne na moltóirí an cinneadh aitheantas speisialta a thabhairt do chomhlacht ar leith a chuir isteach den chéad uair ar an nGradam i mbliana agus a bhain ardchaighdeán amach. Ainmniódh Paul Hardiman, An Seomra Yoga, do 'Bhronnadh Speisialta na Moltóiri 2011'.



Aire Stáit ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta Donnchadh Mac Phionnlaoich T.D. ag bronnadh macasamhail den Ghradam ar buaiteoir an chatagóra le níos lú ná fiche fostai ar Charlie Brehony ó Scoil Tumadóireachta na Gaillimhe, ag ócáid bhrontá Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh in Óstán Glenlo Abbey.



Ag leanúint leis an gcinneadh a rinneadh den chéad uair anuraidh, shocraigh na moltóiri aitheantas speisialta a thabhairt do chomhlacht amháin a chuir isteach den chéad uair ar an nGradam i mbliana agus a bhain ardchaighdeán amach. Tugadh 'Bronnadh Speisialta na Moltóiri' do Paul Hardiman ón Seomra Yoga, An Craein Beag, Bóthar na Mara, Gaillimh.



Pádraig Ó Beaglaoich, Stiúrthóir Ghailimh le Gaeilge; an Comhairleoir, Hildergarde Naughton; Leas-Mhéara na Cathrach; An Comhairleoir Frank Fahy, Comhairle Cathrach na Gaillimhe; An Teachta Dála, Seán Kyne; agus An tOllamh Ciárán Ó hÓgartaigh. Chun tosaigh, Proinséas Ó hÓgartaigh; Carmel Brennan, Uachtaráin Chumann Tráchtála na Gaillimhe; agus Seán Ó Leidhinn, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ag Ócáid Bhrontá Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh.



Aire Stáit ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Donnchadh Mac Phionnlaoich T.D.; lónáid Ó Muircheartaigh, Cathaoirleach Ghailimh le Gaeilge; Darren McGgettigan, Óstán Menlo Park; John Frances, Óstán Menlo Park; Laura-Anne Murphy, Óstán Menlo Park; David Keane, Óstán Menlo Park; Leas-Mhéara Chathair na Gaillimhe, An Comhairleoir Frank Fahy; agus Éamon Ó Cuív T.D., ag ócáid bhrontá Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh in Óstán Glenlo Abbey, Páirc na Sceach, Gaillimh.

## STÁDAS DÁTHEANGACH A BHAINT AMACH DO CHATHAIR NA GAILLIMHE. NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA

2

### GAEILGE SA GHNÓ

Tá an tSeirbhís 'Gaeilge sa Ghnó' ann chun comhlachtaí a threorú tríd an bpróiseas chun Gaeilge a shní isteach ina ngnó, is cuma an beagáinín Gaeilge nó gnó ionlán dátheangach atá uathu. Déanaimid athbhreithniú ar an ngnó ó thaobh a íomhá de – comharthaiocht, ábhar margáiochta, ábhar fógraíochta srl. – agus déanaimid scrúdú ar na féidearthachtaí i leith úsáid na Gaeilge.

Ansin cuireann Gaillimh le Gaeilge clár céimithe le chéile le clár ama aontaithe d'fhí isteach na Gaeilge sa ghnó thar an tréimhse ama shocraithe, is cuma an athrú stáiseanóireachta, comharthaiocht nó Gaeilge a chur ar veainneanna dáileacháin atá i gceist. Bíonn foireann Gaillimh le Gaeilge ar fáil chun a cuid saineolas margáiochta agus gnó a chur ar fáil, agus teagháil a choinneáil leis an gcomhlacht i rith tréimhse ama, chun comhairle agus aistriúchán a thabhairt, de réir mar is gó. Tá an tseirbhís seo ar fáil saor in aisce do gach 'Cara Maith' agus 'Dlúthchara' de chuid Chairde Ghaillimh le Gaeilge agus i gcásanna áirithe do chomhlachtaí eile.

**Le linn 2010, cuireadh an tseirbhís 'Gaeilge sa Ghnó' ar fáil do 16 ngnólacht atá lonnaithe i gCathair na Gaillimhe.**

#### COMHLACHT

Colette Kelly Optometrist  
Cupán Tae  
Executive Helicopters  
Fallers  
Heaslip's Drycleaners  
LivingItUp.ie  
Lynch's Café  
Ollmhargadh na Seoige  
Origin - Siopa Éadaí  
Óstán an Clybaun  
Óstán an Menlo Park  
Pillo Hotel  
Salthill Hotel  
Skeffington Arms Hotel  
The G Hotel  
The Galleon



Alison McArdle, Cupán Tae ag seasamh faoin gcomhartha álann Gaeilge atá in airde mar ainm aici ar an Siopa Tae ag an bPórse Caoch.



Comharthaiocht dhátheangach lasmuigh d'Óstán Menlo Park, Tir Oileáin, Gaillimh.



An comharthaiocht dhátheangach atá le feiceáil laistigh de Halfords, Bóthar Ath Cinn, Gaillimh.



Comharthaiocht Ghaeilge in airde do Rásai na Gaillimhe.



Gearóidín Ni Ghioballáin, Gaillimh le Gaeilge agus Ken Walsh, Food 4 Thought ag ól cupán tae lasmuigh den chaifé cáiliúil atá lonnaithe ar Shráid na Súdairi, Gaillimh. Tá comharthaí Gaeilge in airde lasmuigh agus laistigh den Chaifé.



An chomharthaiocht dhátheangach atá le feiceáil laistigh de Food 4 Thought, Sráid na Súdairi, Gaillimh.

## SEIRBHÍSÍ AISTRIÚCHÁIN 2011

De thoradh na seirbhise Gaeilge sa Ghnó, rinneadh aistriúchán ginearálta ar 16,507 focal do ghnólachtaí i gCathair na Gaillimhe agus rinneadh aistriúchán ar 10,179 focal ar bhiachláir do bhialanna agus d'óstáin na cathrach le linn 2011.

**Is iad seo a leanas na comhlachtaí a d'úsáid Gaeilge ar chomharthaí i rith 2011:**

**An Seomra Yoga**  
**B&Q - Gary Murray**  
**Candle Works**  
**Colette Kelly Optometrist**  
**Cupán Tae**  
**Food 4 Thought**  
**Foxford Jeweller**  
**Galway Property Management**  
**Halfords**  
**Ionad na Faiche Móire**  
**Ollmhargadh na Seoige**  
**Óstán an Menlo Park**

**De thoradh na seirbhise aistriúcháin, d'úsáid 8 ngnó stáiseanóireacht/ábhar margaiochta nua le linn 2011.**

**COMHLACHT**  
**Ionad na Faiche Móire**  
**The Kings Head/ The Malt House**  
**Food 4 Thought**  
**Ollmhargadh na Seoige**  
**Óstán Menlo Park**  
**Scoil Tumadóireachta na Gaillimhe**  
**An Seomra Yoga**  
**EmployAbility Service Galway**

**STÁDAS DÁTHEANGACH A BHAINT AMACH DO CHATHAIR NA GAILLIMHE. NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA**

## GAEILGE Á LA CARTE - BIALANNA LE BIACLÁR DÁTHEANGACH

3

Mar thoradh ar an méid iarratas a fhagheann Gaillimh le Gaeilge ó dhaoine a bhíonn ag lorg bialanna le biachlár dátheangach i gCathair na Gaillimhe, thug Gaillimh le Gaeilge cuireadh do bhialanna, d'óstáin agus do thithe tábhairne i gCathair na Gaillimhe oibriú i gcomhar leo chun níos mó Gaeilge a úsáid taobh leis an mBéarla ar a gcuid biachlár.

Le linn 2011 bhí 15 bhialann liostaithe agus curtha ar fáil ar shuíomh gréasáin Ghaillimh le Gaeilge, [www.gleg.ie](http://www.gleg.ie), mar bhialanna le biachláir dhátheangacha. Bíonn Lón Gnó Ghaillimh le Gaeilge, a eagraítear go míosúil, sna bialanna atá liostaithe. Tá an-tóir ar na lóntha seo agus freastalaíonn suas le 40 duine ar gach ceann díobh. Tugann siad deis iontach do dhaoine a gcuid Gaeilge a chleachtadh agus féinmhuinín sa teanga a chothú iontu, casadh le cainteoirí líofa Gaeilge agus iad siúd nach bhfuil chomh líofa, lónrú agus gnó a dhéanamh agus an méid Gaeilge atá acu cheana féin a chleachtadh.



Cuireadh aistriúchán ar fáil do na 10 bhialann seo thíos i rith 2011.

### BIALANN

**Bácús Uí Ghríofa  
Da Tang Noodle House  
EAT Massimo's  
Foster Court Hotel  
McGinn's Bar  
Óstán an Glenlo Abbey  
The Galleon Restaurant  
The Kings Head  
TownHouse Bar  
Viña Mara**

# 4


## CAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE - TACAÍOCHT MHUINTIR NA GAILLIMHE DO CHUR CHUN CINN NA GAEILGE SA CHATHAIR

Bhunaigh Gaillimh le Gaeilge an Scéim Chairde Ghaillimh le Gaeilge in 2001 i gcomhar le Cumann Tráchtala na Gaillimhe chun freastal ar éileamh an phobail ar sheirbhísí Ghaillimh le Gaeilge agus mar thoradh ar riachtanais forbartha.

Bíonn baill Cairde ann as gach earnáil ghnó i gCathair na Gaillimhe, lena n-áirítear seirbhísí miondíolacháin, seirbhísí airgeadais mar aon leis na hearnálacha turasóireachta agus fáilteachais, iompair agus corporáideacha.

Le linn 2011, chláraigh **125 gnó** le Gaillimh le Gaeilge, seo **méadú 7.2%** ar líon na gCairde a chláraigh linn in 2010. Tá os cionn 300 duine ar phostliosta Ghaillimh le Gaeilge.

Seo cairt thíos tugtar miondealú ar Chairde Ghaillimh le Gaeilge 2011 sna hearnálacha difriúla.



**STÁDAS DÁTHEANGACH A BHAINT AMACH DO CHATHAIR NA GAILLIMHE. NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA**

# 5

## AG COTHÚ LÍONRA SOISIALTA GAEILGE

Le linn 2011, eagraíodh 5 Lón Gnó agus 3 ócáid neamhfhoirmeálta eile agus bhí slua mór i láthair ag na hócáidí ar fad. D'fhreastail os cionn 440 duine ar imeachtaí Ghaillimh le Gaeilge in 2011.

## LÓNTA GNÓ

Eagraíonn Gaillimh le Gaeilge a gcuid lónta gnó rialta in Óstáin agus Bialanna a chuireann biachláir dhátheangacha ar fáil. Tugann an ócáid neamhfhoirmeálta seo deis duit do chuid Gaeilge a úsáid nó a chleachtadh, agus cairde & teagmhálaithe gnó a dhéanamh!

Le linn 2011 eagraíodh 5 Lón Gnó. Is iad seo a leanas na bialanna ar fhreastail Cairde Ghaillimh le Gaeilge orthu.

- 30 Samhain 2011  
**The Malt House Restaurant, An tSráid Ard**
- 20 Meán Fómhair 2011  
**Harbour Hotel, Bóthar na nDuganna**
- 20 Meán Fómhair 2011  
**Óstán an Park House, Sráid Forster**
- 25 Bealtaine 2011  
**Bialann Viña Mara, An tSráid Láir**
- 22 Feabhra 2011  
**Óstán an Park House, Sráid Forster**



Cairde Ghaillimh le Gaeilge ag baint taitnímh as Lón Gnó Mhí Mheán Fómhair in Óstán an Park House, Sráid Forster



## FULACHT FIA AN TSAMHRAIDH DO CHAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE

Eagraíonn Gaillimh le Gaeilge Fulacht Fia bliantúil mar chríoch oifigiúil ar imeachtaí sóisialta na heagraíochta go dtí an fómhar agus tugann an ócáid seo deis do Ghaillimh le Gaeilge buiochas a ghlacadh le gach duine a thugann tacaíocht don ghluaiseacht le Cathair na Gaillimhe a chur chun cinn mar chathair dhátheangach agus chun stádas oifigiúil dátheangach a bhaint amach don Chathair.

Cuireadh mile fáilte roimh Ollmhargadh na Seoige, urra nua 'Fulacht Fia Chairde Ghaillimh le Gaeilge' ag an ócáid agus bhí áthas orainn chomh maith gur lean na hurraí reatha, Stewarts, an comhlacht tógála a rinne athbhrandáil orthu féin le gairid, mar aon le hÚdarás na Gaeltachta lena dtacaíocht dúinn arís i mbliana.



Seán Ó Flaithearta, Ollmhargadh na Seoige; Pat Joyce, Ollmhargadh na Seoige [urra]; Miriam Ni Néill, Údarás na Gaeltachta, [urra]; lóigáid Ó Muircheartaigh, Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge; Leas-Mhéara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Frank Fahy; agus Seán Stewart, Stewarts [urra] ag baint tainrimh as Fulacht Fia Chairde Ghaillimh le Gaeilge in Óstán an Radisson Blu, Loch an tSáile, Gaillimh.

### Urraí an Bheárbaiciú:



Cliona Standún, Standún; Treasa Úi Lorcáin, Acadamh na hOllscoolaiochta Gaeilge; Róisín Nic Dhonnacha, EmployAbility Services Galway; agus Sinéad O'Connell, Computer Troubleshooters ag baint tainrimh as Fulacht Fia Chairde Ghaillimh le Gaeilge in Óstán an Radisson Blu, Loch an tSáile, Gaillimh.



Carmel Ni Fhlatharta, An Curadh Connachtach; an Comhairleoir Catherine Connolly, Comhairle Cathrach na Gaillimhe; Páraic Breathnach, Ionad Ealaíon na Gaillimhe; Bernie Ni Fhlatharta, An Curadh Connachtach; agus Brendan Carroll, Galway City Sentinel ag baint tainrimh as Fulacht Fia Chairde Ghaillimh le Gaeilge sa Radisson Blu, Loch an tSáile, Gaillimh.

## STÁDAS DÁTHEANGACH A BHAINT AMACH DO CHATHAIR NA GAILLIMHE - NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE, A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA.

### TEACHT LE CHÉILE NA NOLLAG, 2012

Eagraíonn Gaillimh le Gaeilge an ócáid seo chuile bliain chun buiochas a ghabháil lenár gCairde as ucht a dtacaíocht rialta i rith na bliana. Tugann sé deis dúinn chomh maith, baill nua a mhealladh agus líon ar gCairde a mheadú ar mhaithe le maoiniú breise a ghiniúint do Ghaillimh le Gaeilge.

Bhí 'Teacht le Chéile na Nollag' ar siúl againn, ar an Déardaoin 15 Nollaig 2011 i mBeár na nOisrí, Óstán an Meyrick, An Fhaiche Mhór, Gaillimh. Bhí slua mór 'Cairde' Ghaillimh le Gaeilge i láthair.

Ag an ócáid sheol Leas-Mhéara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Frank Fahy, struchtúr nua Ghreadam Sheosaimh Uí Ógartaigh. Tá ceithre chatagóir i gceist le Ghreadam Sheosaimh Uí Ógartaighanois. Is iad sin: 'Miondól', 'Fáilteachas & Turasóireacht', 'Seirbhísí', agus 'Comhlactháil Eile'. Roghnófar gearriosta ó na ceithre chatagóir agus roghnófar buaiteoir iomlán Ghreadam Sheosaimh Uí Ógartaigh as buaiteoirí na ceithre chatagóir.



lognáid Ó Muircheartaigh, Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge; Noreen D'Arcy, D'Arcy Marketing & PR [urra an Ghreadaim]; Leas-Mhéara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Frank Fahy; Séamus Mac Giolla Chomhaill, An Roinn Ealaion, Oidhreachta & Gaeltachta; agus Tony Dawson, Fáilte Ireland, [urra an Ghreadaim] i láthair ag Teacht le Chéile na Nollag do Chairde Ghaillimh le Gaeilge, in Óstán an Meyrick, An Fhaiche Mhór, le déanai. Ag an ócáid seo, sheol Leas-Mhéara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Frank Fahy, struchtúr nua Ghreadam Sheosaimh Uí Ógartaigh.



Pádraig Ó Beaglaoich, Stiúrthóir Ghaillimh le Gaeilge; Maeve Joyce, Cumann Tráchtála na Gaillimhe; Seán Ó Leidhinn, An Roinn Ealaion, Oidhreachta agus Gaeltachta; Leas-Mhéara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Frank Fahy; agus lognáid Ó Muircheartaigh, Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge ag 'Teacht le Chéile na Nollag' Chairde Ghaillimh le Gaeilge. Ag an ócáid, sheol Leas-Mhéara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Frank Fahy, struchtúr nua Ghreadam Sheosaimh Uí Ógartaigh.



Seán Stewart, Stiúrthóir Ghaillimh le Gaeilge; Aindriú D'Arcy, Stiúrthóir Ghaillimh le Gaeilge; Bernadette Mullarkey, Stiúrthóir Ghaillimh le Gaeilge; agus Paul Shelly, Galway 2040. Fis gan Teorainn, ag baint sult as 'Teacht le Chéile na Nollag' Chairde Ghaillimh le Gaeilge in Óstán an Meyrick, An Fhaiche Mhór. Ag an ócáid, sheol Leas-Mhéara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Frank Fahy, struchtúr nua Ghreadam Sheosaimh Uí Ógartaigh.

# 6

## TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE

Seoladh áiseanna nua ar suíomh gréasáin nua Ghaillimh le Gaeilge. Ina measc tá:

1. Foirm 'Cairde' ar líne chun do shíntiús a ioc trí PayPal
2. Cur isteach ar Ghraíam Sheosaimh Uí Ógartaigh ar líne den chéad uair.
3. Tá liosta de Chairde Ghaillimh le Gaeilge agus a gcuid sonrai teagmhála ar fáil chomh maith chun tuilleadh gnó a chothú agus úsáid na Gaeilge a spreagadh i measc na 'gCairde'.

### Suíomh Gréasáin Nua [www.gleg.ie](http://www.gleg.ie)

The screenshot shows the homepage of the Gaillimh le Gaeilge website. At the top, there's a banner featuring a night view of a row of buildings by a waterfront. Below the banner, the title 'TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE' is displayed in blue. A large blue number '6' is positioned on the left side of the page. The main content area includes a heading 'Fáilte go Gaillimh le Gaeilge.', a text block about the Gaeltacht, a 'Bí i do Chara' button, and a photograph of a shop window. Further down, there's a section titled 'Dialann Ghaillimh le Gaeilge 2013 - Advertising Opportunity' with four examples of advertisements: 'Gaillimh Dhátheangach', 'Cairde Ghaillimh le Gaeilge', 'Nuacht Ghaillimh le Gaeilge', and 'Gaeilge A La Carte'.

Ar an meán, thug 938 duine cuairt ar an suíomh gréasáin gach mí idir Eanáir agus Nollaig 2011. Seo méadú 41.5% ar an mbliain roimhe sin nuair a bhí thart ar 663 cuairteoir againn go miosúil. I mí na Samhna 2011 a bhí buaicphointe na gcuairteanna (1,314).

Mí	Ean	Fea	Már	Aib	Beal	Meith	Iúil	Lún	MF	DF	Sam	Noll
Lion na gCuardeoirí	1,034	992	1,405	1012	967	831	772	753	1148	544	572	543
Lion na gCuarchteanna	856	833	1,153	817	820	708	636	638	997	762	711	693

Leanadh le linn na bliana d'fhorbairt an tsuíomh ghréasáin [www.gleg.ie](http://www.gleg.ie) le cinntíú go mbeadh sé iomlán cruinn agus ceart i gcónaí ó thaobh an eolais is deireanaí i dtaca le gach gné d'obair Ghaillimh le Gaeilge.

## NA MEÁIN SHÓISIALTA

**Twitter – 390 leantóir**  
**Facebook – 407 leantóir**

[www.twitter.com/gaillimhgaeilge](http://www.twitter.com/gaillimhgaeilge)  
[www.facebook.com/GaillimhleGaeilge](http://www.facebook.com/GaillimhleGaeilge)

## STÁDAS DÁTHEANGACH A BHAINT AMACH DO CHATHAIR NA GAILLIMHE. NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA

### PIOC SUAS MÉ! – GIVE IRISH A GO!

Is éard atá i gceist le 'Pioc Suas Mél' ná leabhrán bheaga le beannachtaí agus frásai simplí as Gaeilge do bhialanna agus d'óstáin atá curtha le chéile ag Gaillimh le Gaeilge i gcomhar le Snap Galway. Tá na frásai seo aistrithe go Béarla sa leabhrán agus litriú foghraíochta curtha leo chun cuidíu le cuairteoirí agus le muintir na Gaillimhe ar aon triail a bhaint as an nGaeilge!

Please	Más é do tholl é   Mawss a dubh hull a (literal translation: if it is your will)
Excuse me	Gath mo leithscéal   Gav muh lee – Shocle
What is your name?	Cad Is alinn duit?   Kad is anum dit?
My name is Áine	Áine Is alinn dom   Aine iss anam dum
Bye for now	Síán go fóill   Síawn guh foal
Cheerst	Sláintel   Slawn tehl!
Good night	Oilche mhíthil   Ee – ha wha
Good Luck	Go n-dírlíteat   Guh nigh ree latih
Well done	Máith thú   Moh who
Take care	Tabhair aile   Tour – ar – ra
I'll see you	Félicitid mé tó   Fek ee may thu



Scaip Gaillimh le Gaeilge in éineacht le Snap Galway an leabhrán seo ar bhialanna agus ar óstáin ar fud na cathrach den chéad uair le linn Fhéile Rás Aigéin Volvo lena chinntíú go mbeadh deis ag cuairteoirí a tháinig chuig an gcathair blaiseadh a fháil den Ghaeilge. Toisc gur éirigh chomh maith sin leis an leabhrán 'Pioc Suas Mél' le linn Rás Aigéin Volvo, anois tá Gaillimh le Gaeilge i gcomhar le Snap Galway ag tabhaint deis iontach do lucht gnó ardán a thabhairt dá gcomhlacht trí fhógra a chur sa leabhrán 'Pioc Suas Mél' a bheidh deartha go speisialta dá ngnólacht féin ar tháille an-íseal. Tá neart comhlachtaí Gaillimheacha tar éis an deis seo a thapú cheana féin agus na leabhráin 'Pioc Suas Mél' a scaipeadh ar a gcuaiméirí. Tá 'Pioc Suas Mél' úsáideach, praiticiúil agus cuireann siad "An Ghaeilge" trasna ar bhealach spraíúil. Is deis iontach í seo do ghnólachtaí lena gcuid custaiméirí a choinneáil leo agus ag an am céanna ag caomhnú iomhá chultúrtha dhátheangach na Cathrach trí úsáid a bhaint as an nGaeilge! Le linn 2012, ordaíodh 11,000 cóip den leabhrán "Pioc suas Mél – Give Irish a Go!"

**Le linn 2011, ordaíodh 6,000 cóip de "Pioc suas Mél – Give Irish a Go!"**

**Is iad seo a leanas na comhlachtaí a cheannaigh iad le linn 2011:**

- Bácús Uí Ghriofa
- Lohans
- Ollscoil Luimnigh
- Fáilte Ireland

### AG ÚSÁID DO ROGHA TEANGA

Scaipeadh "Tá GAEILGE Agam/Tá Beagán GAEILGE Agam" ar Chairde Ghaillimh le Gaeilge agus orthu siúd atá liostaithe ar Eolaire Gnó Ghaillimh le Gaeilge. Cuidíonn na suaitheantaí seo le custaiméirí an lucht fairne atá in ann seirbhís i nGaeilge a chur ar fáil i do ghnó a aimsiú go héasca agus tugann siad an rogha dóibh chomh maith gnó a dhéanamh i cibé teanga is mian leo.





**FOILSEARCHÁIN - DEIS 2011**

Mar chuid de sheirbhísí Chairde Ghaillimh le Gaeilge, seoladh DEIS (Nuachtlitir Chairde Ghaillimh le Gaeilge) amach chuig na Cairde ar fad agus chuig Teachtaí Dála an Iarthair go leictreonach agus sa phost gach mí le linn 2011. Fuair **60 duine** an nuachtlitir sa phost agus seoladh go leictreonach í chuig os cionn **400 duine**.

Dáileadh DEIS:

Nollaig 2011  
Deireadh Fómhair 2011  
Lúnasa 2011  
Meitheamh 2011  
Aibreán 2011  
Feabhra 2011

Samhain 2011  
Meán Fómhair 2011  
Iúil 2011  
Bealtaine 2011  
Márta 2011  
Eanáir 2011

FOILSEACHÁIN - DIALANN 2012

Le linn 2011, d'fhoilsigh Gaillimh le Gaeilge, mar chuid de sheirbhísí Chairde Ghaillimh le Gaeilge, Dialann Bhliantúil 2012. Tugtar deis do Chairde Ghaillimh le Gaeilge fógraíocht a dhéanamh sa dialann agus tugtar ceann do gach Cara. Tá spéis ag méadú sa dialann gach bliain agus leanfar leis an bhfoilseachán seo fad is atá spéis ann agus an t-éileamh air.

Tá Dialann Ghaillimh le Gaeilge 2012 maoinithe go hiomlán ag fógraí óna comhlachtaí agus ó na heagraíochtaí seo a leanas.

Fógróirí 2012

- Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Gaillimh
  - Ardilaun Hotel
  - Bus Éireann
  - Coiste Gairmoideachais Chathair na Gaillimhe
  - Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe
  - Comhar Creidmheasa Naomh Antoine agus an Cladach Teo.
  - EmployAbility Galway
  - Gaelpoint.com
  - Gaelscéal
  - Galway Bay FM
  - Hotel Meyrick
  - Medtronic
  - Óstán an Menlo Park
  - Radisson Blu
  - TG4
  - Tigh Taaffe
  - Údarás na Gaeltachta



## Míle buíochas!

Ba mhaith le Gaillimh le Gaeilge buíochas ar leith a ghabháil leis na Cairde uile a thóg fógra amach sa Dialann – gan sibhse ní bheadh sé ar ár gcumas an Dialann a fhoilsíú ar chor ar bith!

## STÁDAS DÁTHEANGACH A BHANT AMACH DO CHATHAIR NA GAILLIMHE. NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA

### ÚINÉIREACHT NA GAEILGE AG AN BPOBAL A SHAOTHRÚ I BPOBAL NA CATHRACH

#### PÁIRTÍOCHT

Tá Gaillimh le Gaeilge ag cur an smaoininmh chun cinn go leanúnach maidir leis an nGaeilge agus íomhá dhátheangach Chathair na Gaillimhe a bheith in úinéireacht an phobail, ó tháinig Gaillimh le Gaeilge ar an bhfód. Cothaíonn Gaillimh le Gaeilge teagmháil le scátheagraíochtaí, le grúpaí gnó agus le pobail éagsúla fheiliúnacha chun cuidiú leo i bhforfheidhmiú an dátheangachais sa chathair. D'oibrigh Gaillimh le Gaeilge i gcomhar leis na grúpaí éagsúla thíos leis an nGaeilge agus íomhá dhátheangach na cathrach a chur chun cinn.

Tá Gaillimh le Gaeilge tiomanta do chaidreamh a fhorbairt agus a chothabháil le páirtnéiri éagsúla.

#### Eagraíochtaí a bhfuil Gaillimh le Gaeilge ag obair i gcomhar leo:

- An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
- Comhairle Cathrach na Gaillimhe
- Cumann Tráchtála na Gaillimhe
- Cumann Gnó Chathair na Gaillimhe
- Fáilte Ireland – Réigiún an Iarthair
- Fáilte West
- Galway Vision 2040 – Fís gan Teorainn
- Latin Quarter – Fáilte Isteach
- Galway's West End – Tar Siar
- Cónaídhm Óstán na hÉireann
- Cumann Fíoncheannaithe na hÉireann

#### Tá ionadaíocht ag Gaillimh le Gaeilge ar:

- Fóram Pobail Chathair na Gaillimhe
- Grúpa Turasóireachta Chathair agus Chontae na Gaillimhe
- Network Galway {Grúpa do Mhná Gairmiúla agus Gnó}
- Network Chonamara



An Taoiseach Enda Kenny T.D., agus Bríd Ni Chonghóile, Gaillimh le Gaeilge, ag Lón Gnó Chumann Tráchtála na Gaillimhe in Óstán an Meyrick. Chuir foireann Ghailimh le Gaeilge an Taoiseach ar an eolas faoin obair go léir atá ar siúl ag gnólachtaí na Gaillimhe i gcúr chun cinn na Gaeilge d'fhonn stádas dátheangach a bhaint amach don chathair.



Seastan eolais Ghailimh le Gaeilge a bhí ar taispeántas in oifig 'Fáilte Ireland' san Áras fáilte ar Shráid Fhorster don t-seachtain roimh Lá San Vailintín.

### CRUINNITHE/CUR I LÁTHAIR/SEIMINEÁR

#### Cruinnithe & Ócайдí Gnó

Tá cumarsáid leanúnach agus rannpháirtíocht sa phobal i gcoitinne ríthábhachtach agus chuige sin freastalaíonn foireann Ghailimh le Gaeilge ar imeachtaí gnó agus lónraí a eagraítear i gCathair na Gaillimhe. Is cuid lárnach d'obair Ghailimh le Gaeilge iad na cruinnithe seo chun eolas a scaipeadh agus úsáid na Gaeilge a chur chun cinn.

#### Le linn 2012:

D'fhreastail foireann Ghailimh le Gaeilge ar

- 49 cruinniú agus
- ar 34 ócайд gnó a bhain le cur chun cinn na Gaeilge agus feasacht teanga.

#### Seiminéar:

Le linn na bliana d'fhreastal Bainisteoir Tográi Ghailimh le Gaeilge ar seimineár ar na meáin shóisialta a bhí á réachtáil ag an gCeathrú Laidineach i Busker Brownes, an tSráid Trasna, Gaillimh.



# BUAICPHPOINTÍ GHAILLIMH LE GAEILGE 2011

**STÁDAS DÁTHEANGACH A BHAINT AMACH DO CHATHAIR NA GAILLIMHE. NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE, A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA**

Eagrán / Edition	Páipéar / Paper	Eagrán / Edition	Páipéar / Paper
15/12/2011	Gaelport.com	11/04/2011	Suiomh Gréasáin EmployAbility
15/12/2011	Galway Advertiser	08/04/2011	Gaelport.com
07/12/2011	Gaelscéal	07/04/2011	Galway Advertiser
06/12/2011	Connacht Sentinel	05/04/2011	Gaelport.com
Samhain 2011	Galway Now Magazine	05/04/2011	Galway City Sentinel
11/11/2011	Connacht Tribune	31/03/2011	Galway Advertiser
09/11/2011	Galway Independent	31/03/2011	Galway Advertiser
21/10/2011	Galway City Tribune	Aibreán 2011	beo.ie
05/10/2011	Galway Independent	24/03/2011	Galway Advertiser
30/09/2011	Gaelscéal	23/03/2011	Galway Independent
29/09/2011	Galway Advertiser	22/03/2011	Galway City Sentinel
27/09/2011	Hospitalitynews.com	21/03/2011	Gaelport
09/09/2011	Galway City Tribune	21/03/2011	The Tuam Herald
08/09/2011	Nuachtlitir an Chumainn Tráchtála	18/03/2011	Gaelscéal
07/09/2011	Galway Independent	15/03/2011	Galway City Sentinel
29/08/2011	Gaelport.com	25/02/2011	Galway City Tribune
lúil 2011	Nuachtlitir: Nuacht ón mBaile Bán	24/02/2011	Galway Advertiser
05/08/2011	Gaelscéal	21/02/2011	Irish Examiner
06/07/2011	Galway Independent	10/02/2011	Galway Advertiser
01/07/2011	Galway City Tribune	09/02/2011	Galway Independent
01/07/2011	Gaelscéal	08/02/2011	Nuachtlitir an Chumainn Tráchtála
30/06/2011	Gaelport.com	04/02/2011	Gaelscéal
30/06/2011	Galway Advertiser	02/02/2011	Galway Independent
29/06/2011	Galway Independent	02/02/2011	Foinse
10/06/2011	Galway Advertiser	31/01/2011	Gaelport
03/06/2011	Galway City Tribune	31/01/2011	Insideireland.ie
02/06/2011	Galway Advertiser	27/01/2011	Galway Advertiser
26/05/2011	Gaelport.com	26/01/2011	Galway Independent
26/05/2011	Galway Advertiser	25/01/2011	Network Galway
26/05/2011	Galway Advertiser	20/01/2011	Galway Advertiser
24/05/2011	Galway City Sentinel	19/01/2011	Galway Independent
18/05/2011	Galway Independent	19/01/2011	Saol ar líne
18/05/2011	Saol ar líne	19/01/2011	Insideireland.ie
18/05/2011	Gaelport.com	14/01/2011	Galway City Tribune
06/05/2011	Nuachtlitir an Chumainn Tráchtála	14/01/2011	Gaelscéal
27/04/2011	Galway Independent	11/01/2011	Gaelport
15/04/2011	Gaelscéal	07/01/2011	Gaelscéal
15/04/2011	Galway City Tribune	Eanáir 2011	Nuachtlitir an Chumainn Tráchtála
14/04/2011	Galway Advertiser		
13/04/2011	Suiomh Gréasáin Aerfort na Gaillimhe		
13/04/2011	Foinse		
13/04/2011	Galway Independent		
12/04/2011	Galway City Sentinel		
12/04/2011	Gaelport.com		

## RAIDIÓ & TEILIFÍS

Rinneadh taifeadadh ar Ghaillimh le Gaeilge 27 uair ar Raidió & Teilifís ó thús na bliana 2011.

Dáta	Stáisiún	Clár
15/12/2011	TG4	Nuacht TG4 @ 7
29/09/2011	Galway Bay FM	Nuacht a hAon
28/09/2011	RTÉ RnaG	Iris Aniar
27/09/2011	Galway Bay FM	Do Ghuth
09/09/2011	TG4	Nuacht TG4 @ 7
09/09/2011	Galway Bay FM	Clár Nuachta @ 1
09/09/2011	RTÉ RnaG	Iris Aniar
31/05/2011	Galway Bay FM	Do Ghuth
25/05/2011	Galway Community College	Television Graduate Screening -EyeCinema
24/05/2011	TG4	7 Lá - Clár Pháidí Uí Lionaird
18/05/2011	Raidió na Life	Cian Mac Cárthaigh
08/04/2011	RTÉ RnaG	Nuacht an Iarthair ar feadh an Lae
08/04/2011	RTÉ RnaG	Iris Aniar
08/04/2011	Galway Bay FM	Clár Keith Finnegan
07/04/2011	Galway Bay FM	Clár Keith Finnegan
22/03/2011	RTÉ RnaG	Iris Aniar
16/03/2011	Galway Bay FM	Nuacht a 5 agus a 6
07/03/2011	RTÉ RnaG	Ródaí RnaG i Lohan's, Br. na Trá
09/02/2011	RTÉ RnaG	Nuacht a hAon
08/02/2011	Galway Bay FM	Fógra Speisialta an Ghradaim
06/02/2011	Galway Bay FM	Nuacht - giotán fuaime
05/02/2011	Galway Bay FM	Clár Tom Gilmore
05/02/2011	Galway Bay FM	Nuacht - giotán fuaime
27/01/2011	Galway Bay FM	Keith Finnegan
26/01/2011	RTÉ RnaG	Iris Aniar
24/01/2011	Galway Bay FM	Midday Break away
18/01/2011	Galway Bay FM	Do Ghuth

**"Ba mhaith linn tréaslú leis na heagraíochtaí agus na daoine uile i gCathair na Gaillimhe atá ag déanamh sároibre i gcur chun cinn na Gaeilge agus mar thoradh air sin ag cur Chathair na Gaillimhe chun cinn mar Chathair Dhátheangach."**

**Coiste Stiúrtha Ghaillimh le Gaeilge**

# DLÚTHCHAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE, 2012



An Roinn  
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta  
Department of  
Arts, Heritage and the Gaeltacht



Comhairle Cathrach na Gaillimhe  
Galway City Council

EmployAbility Service Galway  
Supporting people with a disability to secure and maintain employment



Galway  
Advertiser



OÉ Gaillimh  
NUI Galway



S Údarás na Gaeltachta